Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9450/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0127 (NLE)**

**CCG 19**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le Cinneadh na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil forálacha an Chomhaontaithe maidir le Trédhearcacht Creidmheasanna COF Neamhcheangailte a chomhtháthú i Socrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 254 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 254 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.5.2025
COM(2025) 254 final

2025/0127 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le Cinneadh na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil forálacha an Chomhaontaithe maidir le Trédhearcacht Creidmheasanna COF Neamhcheangailte a chomhtháthú i Socrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoimisiún i ndáil leis an leasú ar Shocrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú') chun ceanglais trédhearcachta creidmheasanna ón gComhaontú maidir le Cúnamh Oifigiúil Neamhcheangailte um Fhorbairt ('an Comhaontú') a chomhtháthú ann.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil

Is comhaontú oinigh é an Socrú idir an tAontas Eorpach, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an tSeapáin, an Chóiré, an Iorua, an Eilvéis, an Astráil, an Nua-Shéalainn, an Tuirc agus an Ríocht Aontaithe, comhaontú a chuireann creat ar fáil lena bhféadfar creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a úsáid go rianúil. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin go leagann an socrú rialacha síos arb é is aidhm dóibh deireadh a chur le fóirdheontais agus le saobhadh trádála a bhaineann le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil. Tháinig an socrú i bhfeidhm i mí Aibreáin 1978, beidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse éiginnte agus, cé go bhfaigheann sé tacaíocht riaracháin ó Rúnaíocht ECFE, ní Gníomh de chuid ECFE é[1].

Tá an Socrú faoi réir nuashonruithe tráthrialta mar fhreagairt ar fhorbairtí margaidh agus beartais. Is le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] a rinneadh an Socrú a thrasuí, agus dá réir sin, is é a fhágann go bhfuil an Socrú ceangailteach ó thaobh dlí san Aontas. Trí bhíthin Gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 2 den Rialachán seo, déantar athbhreithnithe ar théarmaí agus ar choinníollacha an tSocraithe a ionchorprú i ndlí an Aontais.

### 2.2. Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil

Déanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais i gcruinnithe de chuid na Rannpháirtithe sa Socrú, agus sna nósanna imeachta i scríbhinn freisin le haghaidh cinnteoireacht a dhéanann Rannpháirtithe sa Socrú. Is de chomhthoil a ghlactar cinntí maidir le gach leasú a dhéantar ar an Socrú. Glacann an Chomhairle seasamh an Aontais agus pléann na Ballstáit é i Meitheal na Comhairle um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin[3].

### 2.3. An Chomhaontú maidir le Trédhearcacht Creidmheasanna Cúnaimh Oifigiúil Neamhcheangailte um Fhorbairt ('COF')

Tugadh an Comhaontú maidir le Trédhearcacht Creidmheasanna COF Neamhcheangailte chun críche in 2004 agus is ionstraim neamhfhoirmiúil ar leith é a gcloíonn Rannpháirtithe sa Socrú léi freisin. Tugadh chun críche é in 2004 agus ní bhíonn sé bailí ach ar feadh 2 bhliain, rud a éilíonn athnuachan tráthrialta. Tá ceanglais trédhearcachta ann, chun a áirithiú nach dtéann an COF a thuairiscíonn an Rannpháirtí is soláthraí mar chúnamh neamhcheangailte, nach dtéann sé timpeall ar dhisciplíní an tSocraithe agus go bhfuil rochtain iomlán ag gach tairgeoir féideartha air. Tá idir

1 Mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de Choinbhinsiún ECFE.

2 Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45).

3 Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear ar bun Grúpa Comhordaithe Beartais um Árachas Creidmheasa, Ráthaíochtaí Creidmheasa agus Creidmheasanna Airgeadais (IO 66, 27.10.1960, lch. 1339).

cheanglais tuairiscithe *ex ante* agus cheanglais tuairiscithe *ex-post* ann. Tá ceanglais tuairiscithe ar leith ann maidir le cabhair atá ceangailte le honnmhairí faoin Socrú féin.

### 2.4. An gníomh atá beartaithe ag Rannpháirtithe

Ós rud é gur ann do dhá cheanglas a mbíonn forluí eatarthu uaireanta, tá sé ina mhearbhall ag rialtais tuairiscithe agus ag páirtithe leasmhara, agus is údar mearbhaill acu freisin an éiginnteacht a bhaineann leis an gcur chuige atá ann, is é sin go ndéantar athnuachan gach 2 bhliain.

Ceann de na cúiseanna a bhí leis an dá chur chuige a bheith ann go dtí seo ab ea nach raibh aon cheanglas tuairiscithe *ex post* sa Socrú agus go raibh ceanglas den chineál sin sa Chomhaontú. Mar sin féin, le hathruithe a rinneadh ar an Socrú in 2023, tugadh isteach oibleagáidí tuairiscithe *ex post* den chéad uair. I bhfianaise an mhéid sin, agus ós rud é go ndearnadh an Comhaontú a athnuachan gach uair, ní gá an dá thacar disciplíní tuairiscithe sin a choinneáil ar leithligh a thuilleadh ná a cheangal go ndéanfaí an Comhaontú a athnuachan gach 2 bhliain. Dá bhrí sin, mhol Rúnaíocht ECFE ceanglais an Chomhaontaithe a chomhtháthú sa Socrú. Is chun leasa an Aontais é castacht riaracháin a laghdú, deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus téacsanna ECFE níos inléite a bheith ann.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ba cheart don Aontas Eorpach tacú le modhnú ar an Socrú chun bunábhar an Chomhaontaithe maidir le Trédhearcacht Creidmheasanna COF Neamhcheangailte a chur leis an Socrú.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap *'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla le*o' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh *'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'*[4].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

D'fhéadfadh an gníomh atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith aige ar inneachar reachtaíocht an Aontais, is é sin Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle. Is amhlaidh atá de bharr Airteagal 2 den Rialachán seo, ina sonraítear *'Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 3 chun Iarscríbhinn II a leasú mar thoradh ar leasuithe ar na treoirlínte arna gcomhaontú ag na Rannpháirtithe sa Socrú'*. Cuimsíonn sé sin leasuithe ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Socrú.

[4] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is le creidmheasanna onnmhairiúcháin a bhaineann cuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe, gníomh a thagann faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála. Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfaidh an gníomh ó na Rannpháirtithe sa Socrú leasú ar an Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil, arb é atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011, is iomchuí é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

2025/0127 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le Cinneadh na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil forálacha an Chomhaontaithe maidir le Trédhearcacht Creidmheasanna COF Neamhcheangailte a chomhtháthú i Socrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Comhphobal Eorpach an Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú') a thabhairt i gcrích in 1978, agus is éard atá ann comhaontú oinigh a caibidlíodh faoi chuimsiú ECFE.

(2) Is de bhua Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a rinneadh na treoirlínte atá sa Socrú a thrasuí, agus tá siad ceangailteach ó thaobh dlí de san Aontas dá réir.[5].

(3) Ós rud é go ndearnadh an Comhaontú maidir le Trédhearcacht Creidmheasanna COF Neamhcheangailte a athnuachan gach 2 bhliain ó bhí 2004 ann, gan aon mhodhnú, is chun leasa an Aontais Eorpaigh é téacsanna agus nósanna imeachta ECFE a shimpliú agus na ceanglais a chomhtháthú sa Socrú buan.

(4) Tá [ainm an chomhlachta], le linn a [...] seisiún/cruinniú an [dáta], chun an modhnú seo ar an socrú a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a leagan síos, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ag na Rannpháirtithe sa Socrú ina cheangal ar an Aontas agus gur féidir go n-imreoidh sé tionchar cinntitheach ar inneachar dhlí an Aontais, is é sin de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tacú le cinneadh na Rannpháirtithe Socrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a leasú chun roinnt de na ceanglais trédhearcachta ón gcomhaontú maidir le trédhearcacht creidmheasanna COF

[5] Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45) ('Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011').

neamhcheangailte a chomhtháthú, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*